# Glór

Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt

Meitheal Pleanála
Teanga an Iarthuaiscirt
An Crannóg
Srath na Corcra
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
074 9560620 / 087 2491101

Feabhra 2023

Buanú agus neartú na Gaeilge san Iarthuaiscirt

# Preab San Úir

**Comhghairdeas leis na daoine óga uilig a ghlac páirt sa chúrsa 'Preab San Úir. Chuir muid féin chomh maith le Pleanáil Teanga Cloich Cheann Fhaola tacaíocht ar fáil sa dóigh go bhfoghlaimeoidh na daoine óga faoin churaíocht agus timpeallacht ina dteanga dhúchais féin. Bronnadh teastais agus t-léinte orthu a rinneadh dearadh ar i gcomórtas anuraidh. Ba mhaith linn tacaíocht a thabhairt don chúrsa seo arís i mbliana.**



## Scoil Cheoil an Earraigh

Seo na scolairí ó Scoil na Crannóige, Gaoth Dobhair a d'fhreastal ar Thuras Gaeltachta mar chuid de Scoil Cheoil an Earraigh. Scoil Cheoil Traidisiúnta 5 lá a bhí ann seo a thugann léargas ar cheol agus stíl Chorca Dhuibhne i nGaeltacht Chiarraí. Thacaigh Ealaín na Gaeltachta leis an turas a thug breis agus 30 duine óg le chéile as ceantair Gaeltachta ar fud na tíre mar pháirt dá chlár óige Cuisle.



# Tráth na gCeist leis an Idirbhliain i bPSGD!

D'eagraigh muid Tráth na gCeist le Idirbhliain na Pobalscoile ansin ar na mallaibh. Bhí 6 bhabhta ann agus b'í an Ghaeilge agus an Ghaeltacht a bhí mar phríomh-théama. Is cinnte gur bhain na daltaí uilig sult as!



## Comhghairdeas le foireann na geamaireachta 'Oh Sin Tír na n-Óg'!




Comhghairdeas le foireann geamaireacht 'Oh Sin Tír n@ n-Óg' a scríobh agus a léirigh Eoghan Mac Giolla Bhríghde. Chuir muid maoiniú ar fáil do na feistis. Maith sibh uilig!

# Bliain mór ag foireann Faoi 19 PSGD

Bhí bliain mhór ag foireann Faoi 19 PSGD a raibh an bua acu i gCraobh an Chontae agus Craobh Uladh. Chuir muid maoiniú ar fáil do na geansaithe. Tá súil againn go mbeidh bliain mhór acu arís an bhliain seo chugainn!











# Siúlóid Stairiúil Vincent Ó Breisleáin

Pictiúr galánta do na rannpháirtithe uilig a bhí páirteach inniu le Siúlóid Stairiúil Vincent Ó Breasláin le linn Seachtain na Gaeilge. Chuir muid tacaíocht ar fáil don imeacht seo.

# Cur aithne ar Cara



**Ainm:** Cara Ní Ghrianna

**Post:** Cúramaí luath bhlianta

**Caithimh Aimseartha:** Ag éisteacht le ceol agus ag súgradh le mac agus iníon mo dheirfiúr

Bia: Pasta sícín nó burgair

**Deoch:** Coke Zero

**Ceol:** Ariana Grande + Little Mix

**Scannán:** Dirty Dancing

**Clár Teilifíse:** Jane the Virgin

**Leabhar:** Asking for it le Louise O' Neill

**Ainmhí:** Níl ainmhí ar bith agam ach is é madadh an t-ainmhí is fearr liom

**Gréasán sóisialta:** Instagram

**Contae is fearr leat taobh amuigh do Dún na nGall:** Sligeach

**Ceolchoirm is fearr a d'fhreastal tú ar:** Chonaic mé Little trí huaire agus bhain mé sult iontach astu!

**Saoire ostáin nó crús:** Crús

**Samhradh nó Geimhreadh:** Samhradh

**Airgead nó Sonas:** Sonas

**Maidín no tráthnóna:** Tráthnóna

**Laoch:** Mo dheirfiúr níos sine

**Oíche amuigh:** Gaoth Dobhair

**Cuireadh chuig cóisir:** B'fhéidir Jennifer Coolidge nó Jack Black

Seanfhocal: Níl saoi gan locht

**Mana saoil:** Bain triail as achan rud!

## Ranganna Gaeilge á mhaoiniú ag Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt

**Eolas**

- **Áislann Rann na Feirste**
  Ard rang achan Dé Céadaoine 9:30 - 12:30
  Bun rang ar líne Teagmháil - 0749562222
- **Ionad Naomh Pádraig Dobhair**
  Dé Máirt 10:00 - 12:00 (Meascán Léibhealacha)
  Saor in aisce Teagmháil - 074 9532949
- **Muintearas**
  Bun rang + méan rang achan Déardaoin 11 - 12:30
  Teagmháil - 0749532578
- **Ionad Pobail Chnoc Fola**
  Bun rang achan Dé Máirt 11- 12
  Teagmháil - 0879291953
- **An Crannóg**
  Achan Dé Luain 8-9 (Meascán léibhéalacha)
  Teagmháil - 0749532208

## Gairdíní Ghleann Bheatha

**Dé hAoine 10ú Márta 2023 @ 10.00**

Le Dónall Ó Cnáimhsí
Tae / Caife @ 12.00

Tá an t-imeacht seo oiriúnach do fhoghlaimeoirí fásta na Gaeilge.

Eolas: Caitlín Ní Bhroin
0872270722



Tá an ócáid seo do dhaoine fásta uilig ar spéis leo an Ghaeilge agus an dúlra. Tiocfaidh muid le chéile @10.00 a chlog ar maidin Dé hAoine seo chugainn an 10ú Márta 2023 sa charrchlós i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha.
Má tá tú lonnaithe i LPT Thuaisceart Dhún na nGall is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Oifigeach Pleanála Teanga:
opttuaisceartdnag@gmail.com
nó
087 1852288

Eagraithe ag Oifigigh Pleanála Teanga Ghaeltacht Dhún na nGall

Tuaisceart Dhún na nGall · Údarás na Gaeltachta · Gaeltacht na hÉireann